



# Clár Forlíontach Pearsanta chun tacú le hOideachas nó le Riachtanais Cúraim Daltaí a bhfuil Riachtanais Chasta acu i ranganna speisialta ag an mBunleibhéal agus i scoileanna speisialta le linn na tréimhse seo de dhúnadh scoileanna

## Treoir Do Thuismitheoirí/Do Chaomhnóirí Dlíthiúla Leanaí Incháilithe

Cé go bhfuil iarrachtaí suntasacha á ndéanamh ag scoileanna chun teagasc éifeachtach ó chian a sholáthar, lena n-áirítear tacaíochtaí duine ar dhuine ó chian do na daltaí a bhfuil na riachtanais is casta acu, aithníonn an Roinn go bhfuil tionchar suntasach ag dúnadh scoileanna ar leanaí a bhfuil riachtanais chasta shuntasacha acu.

Chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí sin agus chun tacú leis an ngrúpa leanaí seo agus lena dteaghlaigh, tá **Clár Forlíontach Pearsanta** á thabhairt isteach ag an Roinn - a bhfuil sé mar chuspóir aige eispéireas na foghlama ó chian do leanaí a bhfuil riachtanais chasta acu a fheabhsú le linn na tréimhse ina bhfuil scoileanna dúnta. Féadfaidh múinteoir nó cúntóir riachtanas speisialta (CRS) an clár a sholáthar.

Beidh scoileanna ag iarraidh tacaíocht ghníomhach a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí chun teacht ar mhúinteoir nó ar CRS.

## Incháilitheacht

Rachaidh a scoil i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí na leanaí incháilithe.

Tá na leanaí seo a leanas incháilithe le bheith rannpháirteach sa scéim

- Na daltaí go léir i scoileanna speisialta agus ranganna speisialta i mbunscoileanna.
- Daltaí i ranganna príomhshrutha i mbunscoileanna a bhfuil rochtain acu ar an leibhéal is airde den chontanam tacaíochta (Tacaíocht Scoile Plus do bheagán daltaí). San áireamh ansin tá daltaí a bhfuil Uathachas, siondróim Down, laguithe céadfacha, agus míchumais eile orthu, ar míchumais iad a ainmníodh do Chláir Sholáthar an tSamhraidh 2020.

- Tá solúbthacht ag scoileanna maidir le daltaí a ainmniú a bhfuil an leibhéal tacaíochta is airde de dhíth orthu ag aon am ar leith. Cinnteoidh sé sin go bhféadfaidh daltaí a bhfuil riachtanais eisceachtúla á léiriú acu mar thoradh ar scoileanna a bheith dúnta faoi láthair páirt a ghlacadh sa scéim.

## **Cad atá ar fáil faoin scéim?**

Beidh uasmhéid de chúig uair an chloig sa tseachtain de theagasc nó de thacaíocht chúraim ón mbaile ar fáil do dhaltaí incháilithe ar feadh tréimhse ceithre seachtaine.

Féadfar tús a chur leis an gclár ceithre seachtaine (20 uair an chloig) ón 11 Feabhra agus féadfaidh teaghlaigh úsáid a bhaint as ag am ar bith suas go dtí deireadh mhí Aibreáin.

Ní mór na huairéanta go léir atá i dtaisce a úsáid faoin Aoine an 30 Aibreáin.

Is é an dáta deiridh chun glacadh le foirmeacha comhlánaithe um éileamh ar dheontas ná am scoir gnó ar an Aoine an 14 Bealtaine. Ní ghlacfar le Foirmeacha um Éileamh ar Dheontas i ndiaidh an dáta sin.

Ní mór na tacaíochtaí a sholáthar taobh amuigh den ghnáthlá scoile agus/nó ag an deireadh seachtaine.

Ní mór an tacaíocht ón mbaile a sholáthar ar bhonn 1:1.

## **Uaireanta nár úsáideadh a chur i dtaisce lena soláthar le linn Shaoire na Cásca**

Chun go mbeidh gach deis ag tuismitheoirí páirt a ghlacadh sa scéim éascóidh an Roinn tuismitheoirí maidir le socruithe a dhéanamh le go ndéanfar suas le 20 uair an chloig de thacaíocht nár úsáideadh a sholáthar le linn shaoire na Cásca.

## **NA CÉIMEANNA ATÁ LE GLACADH AG TUISMITHEOIRÍ/CAOMHNÓIRÍ DLÍTHIÚLA AR MIAN LEO LEAS A BHAIN AS AN SCÉIM**

### **CÉIM 1 - Incháilitheacht**

Rachaidh scoileanna i dteagmháil le tuismitheoirí na leanaí atá incháilithe agus soláthróidh siad an Fhoirm um Éileamh ar Dheontas dóibh, a mbeidh

CUID 1 di comhlánaithe, rud a dheimhníonn incháilitheacht. Is í an fhoirm chomhlánaithe sin do cheadú le bheith páirteach sa scéim.

## CÉIM 2 - Tacaíochtaí a Sholáthraíonn Múinteoirí nó CRSanna agus Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí

Ní mór do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla CUID 2 den fhoirm a chomhlánú go hiomlán agus do shonraí féin agus sonraí do linbh a chur isteach uirthi.

Ansin, beidh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla, le cúnamh ón scoil, seirbhísí Múinteora nó CRS, atá cáilithe agus a chuaigh faoi ghrinnfhiosrúchán, a fháil.

Ar aon dul le clár an tsamhraidh, soláthraíonn an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) eolas maidir leis an mbealach chun Múinteoir nó CRS a fháil i gcás nach féidir le thuismitheoirí duine mar sin a fháil trína gcuid scoileanna.

<https://ncse.ie/wp-content/uploads/2021/02/Supplementary-Programme-2021.pdf>

Is féidir tacaíocht a fháil freisin trí Líonra na bPríomhoidí Bunscoile (IPPN) ag an nasc seo: <https://www.educationposts.ie/notice/supprog>

Tabhair do d'aire, le do thoil, nach gcuirfear maoiniú ar fáil i gcás go dtugann thuismitheoirí tacaíocht dá leanbh féin faoin scéim.

Ní mór don mhúinteoir nó don CRS a roghnaíonn tú an chuid a bhaineann le SONRAÍ AN MHÚINTEORA/CRS a chomhlánú i gCUID 2 den Fhoirm um Éileamh ar Dheontas.

## Nósanna imeachta maidir le Cosaint Leanaí

### TÁBHACHTACH:

De bhrí go mbíonn an teagasc ón mbaile ar siúl lasmuigh den ghnáthstruchtúr scoile, ba cheart go mbeadh thuismitheoirí feasach ar na rioscaí breise nó ar na rioscaí féideartha a bhaineann le múinteoirí/crsanna a fhostú i socrú príobháideach.

Ba cheart go mbeadh thuismitheoirí an-chúramach áit a bhfostaítear múinteoirí/CRSanna agus go mb'fhéidir nach mbeidís eolach ar na riachtanais

leighis nó iompair an-chasta atá ag roinnt leanaí. Ba cheart go mbeadh tuismitheoirí sásta go bhfuil múinteoirí/crsanna feasach ar riachtanais do linbh maidir leis sin.

### **Sula dtosaítear ar an tacaíocht ón mbaile**

- Ní mór duit a iarraidh ar an múinteoir/CRS a nochtadh grinnfhiosrúcháin a thaispeáint duit. Ní mór do thuismitheoirí/caomhnóirí nochtadh grinnfhiosrúcháin nua-eisithe a iarraidh i gcásanna ina bhfuil seirbhísí á bhfáil acu ó mhúinteoir/CRS den chéad uair.
- Ní mór duit a chinntiú go bhfuil Dearbhú Reachtúil reatha ag na múinteoirí/CRSanna go léir a fhostaítear, arna shíniú ag an údarás cúí i.e. Aguisín 1 den Fhoirm um Éileamh ar Dheontas. Tá Dearbhú Reachtúil a síníodh ag am ar bith in 2020 bailí go dtí deireadh 2021.
- Ní mór don tuismitheoir agus don mhúinteoir/CRS an Fhoirm Ghealltanais a chomhlánú, i.e. Aguisín 2 den Fhoirm um Éileamh ar Dheontas

Iarrtar ar thuismitheoirí a mheas an bhfuil gá le nochtadh grinnfhiosrúcháin nua-eisithe, más rud é gur fhostaigh siad an múinteoir/CRS roimhe seo.

D'fhéadfaidís seo a leanas a bheith i measc na dtosca a chuirfeadh tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu pé acu an bhfuil nó nach bhfuil gá le nochtadh grinnfhiosrúcháin nua-eisithe.

- An tréimhse ama atá imithe thart ó fuarthas an grinnfhiosrúchán roimhe sin.
- Má tá aon bhearnaí i stair fostaíochta/ghairme/oideachais an duine nach bhfuil mínithe go sásúil
- Pé acu ar cuireadh nó nár cuireadh teistiméireachtaí cuimsitheacha ar fáil i dtaca le fostaíocht roimhe seo

Ní liosta uileghabhálach tosca an liosta thuas a bhféadfadh sé go mbeadh tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla ag iarraidh iad a chur san áireamh.

## **CÉIM 3 – Soláthar teagaisc/tacaíochta cúraim agus maoiniú**

Ba cheart an tráthchlár Teagaisc/Tacaíochta Cúraim a chomhlánú de réir mar a tharlaíonn an soláthar. Nuair atá soláthar an chláir teagaisc nó cúraim curtha i gcrích, ní mór do na tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla agus don mhúinteoir nó don CRS an Dearbhú i gCuid 3 den fhoirm a chomhlánú agus gach cuid den fhoirm, agus iad comhlánaithe go hiomlán, a chur ar ais chuig an Roinn ionas gur féidir íocaíocht dhíreach leis an Múinteoir nó leis an CRS a phróiseáil.

Íocfaidh an Roinn an maoiniú go díreach leis na múinteoirí nó leis na CRSanna nuair a chuirfear an Fhoirm um Éileamh ar Dheontas ar aghaidh agus í comhlánaithe.

**Ní mór** na dátaí agus na hamanna beachta a ndearnadh an soláthar a chur isteach ar an leathanach don Tráthchlár Tacaíochta.

Níor cheart na foirmeacha comhlánaithe lena n-áirítear an Tráthchlár comhlánaithe a chur isteach go dtí go mbeidh an clár curtha i gcrích.

Cuir isteach na foirmeacha comhlánaithe chuig *an Rannóg Oideachais Speisialta, an Clár Forlíontach Pearsanta, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Contae na hIarmhí. N37 X659*

Féach an tEolas Treorach maidir leis an scéim ina soláthraítear eolas iomlán maidir leis an scéim, lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha. Má tá ceisteanna agat maidir le hincháilitheacht i leith na scéime, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le príomhoide do scoile. Mura féidir leat an t-eolas a theastaíonn uait a fhail san eolas faoin scéim atá foilsithe, féadfaidh tú do cheist a sheoladh ar ríomhphost chuig [supplementaryprogramme@education.gov.ie](mailto:supplementaryprogramme@education.gov.ie)

***An Rannóg Oideachais Speisialta***